Spléach-Threoir

www.singlepensionscheme.gov.ie

# Achoimre ar an Scéim Aonair

## An comhalta de chuid ne Scéime seo me?

Cuireadh tús leis an Scéim ar an 1 Eanáir 2013. Go ginearálta, is comhalta de chuid na scéime duine ar bith atá fostaithe i bpost inphinsin sa tseirbhís phoiblí ón dáta sin den chéad uair.

Is féidir go mbainfidh an Scéim seo leat freisin más fostaí inphinsin na seirbhíse poiblí a bhí ionat roimh 1ú Eanáir 2013 agus, tar éis sin, go raibh briseadh níos mó ná 26 seachtain as a chéile agat i do nasc fostaíochta i ndiaidh an dáta sin ach sa chás go bhfuair tú foirm saoire faofa.

Mura bhfuil tú cinnte cé acu an comhalta de chuid na Scéime Pinsin Aonair thú, d'fhéadfadh an t-eolas a bheith ar do dhuillín pá nó luaite ar do Chonradh Fostaíochta. Is féidir go mbeidh d'fhostóir ábalta an t-eolas seo a dhearbhú leat mura bhfuil tú cinnte fós.

## An bhfuil am cáilithe ann le haghaidh sochar?

Ní mór go bhfuil íocaíochtaí déanta agat i leith na Scéime le 24 mí nó níos mó le go mbeidh tú cáilithe do shochar a fháil faoin Scéim.

## Cad iad na sochair a chuireann an Scéim Aonair ar fáil?

Má chríochnaíonn tú an tréimhse cáilithe, ar na sochair arbh fhéidir a íoc faoin Scéim, tá:

- Pinsean bliantúil agus cnapshuim ar dhul ar scor duit
- Sochair Báis arbh fhéidir a bheith ina bpinsean má tá Céile, Páirtí Sibhialta nó leanbh cleithiúnach atá fós beo agus incháilithe fágtha i do dhiaidh

Is féidir teacht ar thuilleadh eolais maidir leis na sochair seo i mBileog Faisnéise na Scéime nó i Spléach-threoracha eile.

## Conas a dhéanaim sochair a fhabhrú faoin scéim?

Is scéim pinsin sochar sainithe atá bunaithe ar mheántuilleamh gairme í an Scéim Pinsin Aonair.

Fabhraíonn tú dhá chineál sochar, ar a dtugtar méideanna inchurtha orthu, gach uair a íoctar thú agus tú i do chomhalta den Scéim. Braitheann do thuilleamh inphinsin den chuid is mó ar an méid a shaothraíonn tú mar mhéideanna sochair i ngach tréimhse íoca.

I ngach tréimhse íoca, fabhraíonn tú méideanna sochair maidir le:

- do chnapshuim scoir; agus
- do phinsean scoir bliantúil.

Is féidir go méadófar méideanna sochair a saothraíodh le linn blianta níos luaithe do bhallraíochta den Scéim sna blianta amach anseo le boilsciú a chur san áireamh.

Is féidir teacht ar shamplaí cuimsitheacha faoin dóigh a ríomhtar sochair scoir, do chomhalta lánaimseartha nó do chomhalta páirtaimseartha, i do Bhileog Faisnéise Scéime.

## Tuilleadh Eolais

Is féidir teacht ar eolas níos ginearálta, lena n-áirítear cóip de do **Bhileog Faisnéis Scéime**, i réimse comhaltaí shuíomh idirlín na Scéime Aonair ag www.singlepensionscheme.gov.ie/for-members/

Má tá ceisteanna ar leith agat nó má tá a thuilleadh cabhrach uait, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Pinsin d'fhostóra a mbeidh in ann cabhrú leat.



11/2017